CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/59 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 10 Eanáir 2022

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/5 (BiH/32/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES ón gComhairle an 12 Iúil 2004 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, d'údaraigh na Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ("Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh").

(2) An 15 Nollaig 2020, ghlac PSC Cinneadh (CBES) 2021/5 ([2]) lena gceaptar an Maor-Ghinearál Alexander PLATZER mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(3) An 3 Samhain 2021, mhol údaráis mhíleata na hOstaire an Maor-Ghinearál Anton WESSELY a cheapadh i gcomharbacht ar an Maor-Ghinearál Alexander PLATZER mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh amhail ón 20 Eanáir 2022.

(4) An 25 Samhain 2021, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh ó údaráis mhíleata na hOstaire.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/5 a aisghairm.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú na Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí acu in ábhair chosanta.

(7) An 12 agus an 13 Nollaig 2002, ghlac Comhairle Eorpach Chóbanhávan dearbhú lena ndearbhaítear nach mbeidh feidhm ag socruithe "Berlin Plus" agus a gcur chun feidhme ach amháin maidir leis na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí freisin de ECAT nó páirtithe i "gComhpháirtíocht na Síochána", agus a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha slándála tugtha i gcrích acu le ECAT dá bhrí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Maor-Ghinearál Anton WESSELY mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin amhail ón 20 Eanáir 2022.

([1]) IO L 252, 28.7.2004, lch. 10.

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/5 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 15 Nollaig 2020 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2019/783 (BiH/31/2020) (IO L 4, 7.1.2021, lch. 8).

Airteagal 2

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/5.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 20 Eanáir 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
An Cathaoirleach
D. PRONK